Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2016**
**(OR. en)**

**10329/16**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0185 (COD)**

**TELECOM 121**
**COMPET 381**
**MI 458**
**CONSOM 154**
**CODEC 898**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Meitheamh 2016 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2016) 399 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 i dtaobh na rialacha maidir le margaí fánaíochta mórdhíola |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2016) 399 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: COM(2016) 399 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.6.2016
COM(2016) 399 final

2016/0185 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 i dtaobh na rialacha maidir le margaí fánaíochta mórdhíola

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2016) 201 final}
{SWD(2016) 202 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Bhí gá le hidirghabháil rialála an Aontais maidir le na margaí fánaíochta mórdhíola agus miondíola le deich mbliana anuas chun go gcuirfí feabhas ar na coinníollacha maidir le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí fánaíochta laistigh den Aontas[1].

In 2015, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2015/2120,[2] a tháinig i bhfeidhm an 29 Samhain 2015, agus lenar leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 (an Rialachán Fánaíochta)[3].

Leis an Rialachán (AE) 2015/2120 ceanglaítear deireadh a chur le formhuirir fánaíochta miondíola san Aontas ón 15 Meitheamh 2017 ar aghaidh, faoi réir úsáid chóir a bhaint as seirbhísí fánaíochta agus an fhéidearthacht sásra maidir le maolú ar dheireadh a chur le formhuirir fánaíochta miondíola ar bhonn inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm . Tagraítear do na rialacha nua maidir le seirbhísí fánaíochta miondíola san Aontas mar rialacha 'fánaíocht ar tháillí baile' (FATB) sa mheabhrán míniúcháin seo.

Cé go bhfuil gá le seo, ní leor an rialachán ag an leibhéal miondíola amháin chun FATB a chur chun feidhme. Ionas go mbeadh sé inbhuanaithe deireadh a chur le formhuirir fánaíochta miondíola ar fud an Aontais agus gan coinníollacha iomaíocha sna margaí baile a shaobhadh, ní mór do na margaí fánaíochta mórdhíola náisiúnta a bheith iomaíoch agus praghsanna fánaíochta mórdhíola a chur ar fáil a chuirfidh ar chumas oibreoirí seirbhísí fánaíochta miondíola a sholáthar go inbhuanaithe gan aon muirir bhreise.

I ndáil leis sin, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an margadh fánaíochta mórdhíola chun a mheas cad iad na bearta is gá chun gur féidir deireadh a chur le formhuirir fánaíochta miondíola, i gcomhréir le hAirteagal 19 (1) den Rialachán Fánaíochta[4].

Taispeánann an anailís seo ar na margaí mórdhíola go bhfuil tionchar ag roinnt clistí margaidh fós ar fheidhmiú na margaí sin (amhail gné olagaplach a bheith acu, mar aon le gnédhéthaobhach a bheith i gceist le comhaontuithe fánaíochta agus gan seirbhísí ionadacha mórdhíola a bheith ann). Taispeánann an anailís seo freisin go bhféadfadh meath a theacht ar an seasamh caibidlíochta atá ag glansheoltóirí trácht fánaíochta, lena n-áirítear na

1 Féach breithiúnas i gCás C-58/08, EU:C:2012:321.

2 Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta maidir le rochtain oscailte ar an idirlíon agus lena leasaítear Treoir 2002/22/CE maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas

3 Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2012 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas.

4 Chun sonraí a fháil, féach an Tuarascáil ón gCoimisiúin chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an athbhreithniú ar an margadh fánaíochta mórdhíola [tagairt deiridh] agus ar an Doiciméad Inmheánach Oibre ón gCoimisiún a ghabhann leis an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an athbhreithniú ar an margadh fánaíochta mórdhíola. [tagairt deiridh].

gníomhaithe margaidh níos laige ar na margaí fánaíochta mórdhíola, faoi FATB, mura gcuirfear bearta frithchúitimh i bhfeidhm. D'fhéadfadh sé seo feidhmiú mhargaí baile na n-oibreoirí baile a shaobhadh.

Ag an am céanna, ba cheart a áirithiú le haon riail maidir leis an margadh mórdhíola go mbeidh na hoibreoirí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu in ann na costais a bhaineann le soláthar seirbhísí fánaíochta mórdhíola a aisghabháil, lena n-áirítear costais chomhpháirteacha agus chomhchoiteanna. Ba cheart go gcaomhnófaí leis sin dreasachtaí chun infheistíocht a dhéanamh i líonraí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu agus go seachnódh sé aon saobhadh ar iomaíocht sna margaí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu a tharlaíonn mar gheall ar arbatráiste rialála a théann chun tairbhe oibreoirí a bhaineann úsáid as réitigh chun rochtain fánaíochta a fháil le dul san iomaíocht i margaí baile a bhfuil cuairt á tabhairt orthu, atá iomaíoch murach sin.

Dá bhrí sin, is éard is aidhm don tionscnamh sin ná rialáil a dhéanamh ar fheidhmiú na margaí fánaíochta mórdhíola náisiúnta chun deireadh a chur leis na formhuirir fánaíochta miondíola faoin 15 Meitheamh 2017 gan mhargaí baile agus margaí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu a shaobhadh.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana**

Is céim riachtanach é deireadh a chur le formhuirir fánaíochta miondíola chun a áirithiú go dtacaíonn rialacha teileachumarsáide le bunú agus feidhmiú an mhargaidh aonair dhigitigh ar fud an Aontais. Leagadh béim freisin ar an sprioc sin sa Straitéis maidir le margadh aonair digiteach a leag an Coimisiún amach an 6 Bealtaine 2015[5]. Go háirithe, má dhéanfar an margadh fánaíochta mórdhíola a rialú chun FATB a bhunú san Aontas, cabhróidh sé seo an cuspóir beartais a bhaint amach chun a áirithiú go mbeidh margaí dea-fheidhmithe in ann bonneagar leathanbhanda ardfheidhmíochta gan sreang a sholáthar ar phraghas réasúnta ar fud an Aontais.

D'aithin na comhreachtóirí a thábhachtaí atá an cuspóir sin i gcomhair an mhargaidh aonair dhigitigh nuair a glacadh rialacha FATB in 2015. Mar sin féin, i bhfianaise an idirghaoil idir na margaí fánaíochta mórdhíola agus miondíola, chuir na comhreachtóirí cur i bhfeidhm FATB faoi réir ghlacadh na mbeart reachtacha chun dul i ngleic leis na saincheisteanna ag an leibhéal mórdhíola is gá chun gur féidir deireadh a chur le formhuirir fánaíochta miondíola san Aontas.

Dá bhrí sin, tá sé i gceist go mbeadh an togra sin le haghaidh rialacháin in ann na rialacha maidir le cumarsáid fánaíochta a chomhlánú, go háirithe i dtaca leis na margaí fánaíochta mórdhíola, agus go bhféadfaí na rialacha maidir le FATB a chur i bhfeidhm ón 15 Meitheamh 2017 ar aghaidh. Tá an méid sin i gcomhréir leis na cuspóirí beartais a thacaíonn leis an Rialachán Fánaíochta agus leis an straitéis níos leithne maidir le margadh aonair digiteach.

Mar aon leis na bearta reachtacha a mholtar anseo, beidh gníomhartha cur chun feidhme atá le glacadh faoin 15 Nollaig 2016 ag gabháil le bunú FATB lena gcuirfear rialacha mionsonraithe ar fáil maidir le cur i bhfeidhm bheartas na húsáide córa agus maidir leis an mhodheolaíocht

[5] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal — Straitéis maidir le margadh aonair digiteach don Eoraip COM(2015) 192.

chun measúnú a dhéanamh ar a inbhuanaithe atá sé deireadh a chur le formhuirir fánaíochta miondíola.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Sa Straitéis maidir le margadh aonair digiteach luaitear gur cnámh droma atá sna líonraí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide i gcomhair táirgí agus seirbhísí digiteacha a bhfuil sé ar a gcumas tacú le gach gné dár saol agus forbairt eacnamaíoch na hEorpa a chur chun cinn. Dá bhrí sin má dhéantar rialáil ar mhargaí fánaíochta mórdhíola chun gur féidir deireadh a chur le formhuirir fánaíochta, cabhróidh sin le hearnáil teileachumarsáide láidir, iomaíoch agus dhinimiciúil a chur chun cinn, agus cabhróidh sé chun na dálaí cearta a chruthú chun líonraí agus seirbhísí digiteacha ardleibhéil a fhorbairt, ar líonraí agus seirbhísí iad thacaíonn le gach earnáil den gheilleagar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Bhí gá le hidirghabháil rialála an Aontais ar mhargaí fánaíochta mórdhíola agus ar mhargaí fánaíochta miondíola le deich mbliana anuas, ar bhonn Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (TFEU). Is é is aidhm don idirghabháil sin ná feabhas a chur ar na coinníollacha i gcomhair fheidhmiú an mhargaidh inmhéanaigh do sheirbhísí fánaíochta laistigh den Aontas[6] toisc gur aithin údaráis náisiúnta rialála nach raibh siad in ann dul i ngleic leis an bhfadhb seo go neamhspleách mar gheall ar an an ngné thrasteorann a bhaineann leis an margadh fánaíochta idirnáisiúnta[7]. Tar éis Rialachán (AE) 2015/2120 a ghlacadh, is gá bearta reachtacha iomchuí a ghlacadh chun feidhmiú cuí na margaí fánaíochta mórdhíola a áirithiú. Leis sin, beifear in ann FATB a sholáthar ar fud an Aontais, mar a léirigh an t-athbhreithniú ar an margadh fánaíochta mórdhíola. Dá bhrí sin, tá bearta chun rialáil a dhéanamh ar mhargaí fánaíochta mórdhíola de bhun Airteagal 114 TFEU riachtanach freisin chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh do sheirbhísí fánaíochta a áirithiú, agus go háirithe chun soláthar inbhuanaithe FATB a áirithiú.

- **Coimhdeacht**

Chuirfeadh cur chuige Aontais i leith rialáil ar mhargaí fánaíochta mórdhíola cosc ar chineálacha cur chuige éagsúla a bheith ag Ballstáit aonair ó thaobh déileáil le fadhb na bpraghsanna arda mórdhíola. Bheadh na cineálacha cur chuige éagsúla sin ina gconstaic don mhargadh inmheánach toisc go mbeadh soláthraithe seirbhísí fánaíochta an Aontais faoi réir coinníollacha rialála éagsúla ag brath ar cé acu an soláthraithe seirbhísí fánaíochta mórdhíola (mar oibreoirí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu) nó ceannaitheoirí ar sheirbhísí fánaíochta mórdhíola (mar oibreoirí baile) a bheadh iontu, in ainneoin rialacha fánaíochta miondíola mar a leagtar síos sa Rialachán Fánaíochta.

Tá gá freisin le cur chuige coiteann a bheith ann ar leibhéal an Aontais toisc go bhféadfadh sé nach leor na dreasachtaí a bheadh ag na Ballstáit aonair chun rialáil a dhéanamh ar mhargaí mórdhíola náisiúnta ar bhealach lena gcuirfear san áireamh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith

[6] Dearbhaíodh freisin úsáid an bhunúis dlí sin sa bhreithiúnas i gCás C-58/08, AE:C:2010:321, mír 48.
[7] Féach an litir ó mhí na Nollag 2005 ó Ghrúpa na Rialtóirí Eorpacha chuig an Ard-Stiúrthóir ar Ard-Stiúrthóireacht na Sochaí Faisnéise de chuid an Choimisiúin.

ag a gcuid rialacha ar an gcumas FATB a sholáthar i mBallstáit eile. Chuirfeadh tionscnamh ar leibhéal an Aontais leas ginearálta na mBallstát san áireamh ar bhealach níos fearr. Mura féidir rialáil chomhsheasmhach a dhéanamh ar na margaí fánaíochta mórdhíola ar leibhéal an Aontais, d'fhéadfadh sé é a dhéanamh níos deacra FATB a sholáthar, i bhfianaise baol breise a bheith ann go mbeadh neamhréireachtaí i dtaca leis na costais mhórdhíola a thabhaítear i mBallstáit eile agus an t-ioncam miondíola.

D'fhéadfadh cur chuige coiteann ar leibhéal an Aontais na coinníollacha rialála riachtanacha a bhunú agus dhéanfaí a áirithiú go dtacódh na margaí mórdhíola náisiúnta leis an gcuspóir chun deireadh a chur le formhuirir fánaíochta ar bhealach inbhuanaithe ar fud an Aontais. Ar deireadh, le cur chuige coiteann, cuirfear san áireamh an t-idirspleáchas idir na rialacha maidir leis an margadh miondíola agus maidir leis an margadh mórdhíola lena n-áirithítear dea-fheidhmiú mhargaí fánaíochta an Aontais, mar atá curtha in iúl go láidir ag an gCúirt cheana[8].

- **Comhréireacht**

Tá lánrogha leathan tugtha don reachtóir lena n-áiritheofar go bhfuil a chuid roghanna comhréireach. Mar sin féin, rinne an Chúirt soiléiriú go gcaithfidh an reachtóir a gcuid roghanna a bhunú ar chritéir thrédhearcacha, go háirithe i dtaca le rialacha fánaíochta.
I gcás den sórt sin, agus measúnú á dhéanamh ar na hualaí a bhaineann le bearta éagsúla a d'fhéadfaí a dhéanamh, ní mór scrúdú a dhéanamh féachaint an cuspóirí iad na cuspóirí atá le baint amach a fhágann go bhfuil údar le hiarmhairtí eacnamaíocha diúltacha, iarmhairtí móra fiú, d'oibreoirí áirithe[9]. Dá bhrí sin, cuireann na bearta rialúcháin atá molta dhá eilimint san áireamh i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos in Airteagal 19 (1) den Rialachán Fánaíochta, eadhon an gá a áirithiú go mbeidh oibreoirí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu in ann na costais uile a thabhaítear a aisghabháil, lena n-áirítear costais chomhpháirteacha agus costais chomhchoiteanna, agus seirbhísí fánaíochta mórdhíola rialáilte á soláthar agus an gá atá ann cosc a chur ar bhuanfhánaíochta nó ar leas a bhaint as an rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola, ar úsáid aimhrialta nó mí-úsáid í, chun críocha eile seachas chun seirbhísí fánaíochta rialáilte a sholáthar do chustaiméirí na soláthraithe seirbhísí fánaíochta fad atá na custaiméirí sin ag taisteal laistigh den Aontas ar bhonn tréimhsiúil.

Áiritheoidh na ceanglais shonracha sin, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, nach rachaidh na rialacha fánaíochta mórdhíola thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir beartais ginearálta a bhaint amach. Mar shampla, ní mór dóibh gan iarmhairtí eacnamaíocha diúltacha nach bhfuil údar maith leo chun an cuspóir a bhaint amach, a chruthú, amhail ceangal a chur ar oibreoirí éifeachtacha seirbhísí faoi bhun costais a sholáthar nó rialacha rochtana a chur i bhfeidhm nach féidir le hoibreoirí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu iad a theorannú do sholáthar seirbhísí fánaíochta, agus seirbhísí fánaíochta amháin.

Ar an taobh eile, mar a léirigh an Chúirt, fiú má chomhlíontar prionsabal na comhréireachta, ní fhágann sin nach bhféadfadh iarmhairtí eacnamaíocha diúltacha a bheith ann do roinnt oibreoirí i gcásanna sonracha, amhail laghdú ar brabúis atá os cionn an leibhéil a thabhófaí i margaí i gcomhair gníomhaíochtaí fánaíochta mórdhíola a bheadh iomlán iomaíoch nó

---

8 Sa bhreithiúnas i gCás 58/08, mheas an Chúirt go raibh rialáil mhórdhíola an mhargaidh fánaíochta i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta i bhfianaise go bhfuil 'idirspleáchas mór idir na muirir mhiondíola agus mhórdhíola le haghaidh seirbhísí fánaíochta, mar sin aon bheart ina a mbeadh sé mar aghaidh leis muirir mhiondíola amháin a laghdú gan tionchar a bheith aige ar leibhéal na gcostas do sholáthar mórdhíola na seirbhísí fánaíochta ar fud an Chomhphobail, d'fhéadfadh beart den sórt sin cur isteach ar dea-fheidhmiú an mhargaidh fánaíochta ar fud an Chomhphobail ' (mír 77).

9 Breithiúnas na Cúirte i gcás C-58/08, AE:C:2010:321, mír 53.

caillteanais i ngeall ar bhainistiú neamhéifeachtach ar chostais ghréasán. Is é is cúis leis seo ná go bhfuil go bhfuil gá le hiarmhairtí diúltacha i gcásanna den sórt sin chun an cuspóir atá a shaothrú a bhaint amach.

- **Rogha ionstraime**

Is éard atá i gceist leis na bearta a moladh rialacha atá infheidhme go díreach a shainiú i dtaca le seirbhísí fánaíochta mórdhíola a sholáthar, trí léasú a dhéanamh ar na forálacha comhfhreagracha atá leagtha síos sa Rialachán Fánaíochta. Ar an ábhar sin, moltar rialachán.

# 3. TORTHAÍ NA MEASTÓIREACHTAÍ EX-POST, AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS NA MEASÚNUITHE TIONCHAIR.

- **Meastóireachtaí ex-post/seiceálacha oiriúnachta ar reachtaíocht atá ann cheana**

Rinne an Coimisiún athbhreithniú cuimsitheach ar an margadh fánaíochta mórdhíola san Aontas i bhfianaise na gcuspóirí sonracha atá leagtha síos sa Rialachán Fánaíochta.

Taispeánann an t-athbhreithniú sin go háirithe nach bhfeidhmíonn na margaí fánaíochta mórdhíola i gceart i gcónaí. De thoradh ar thionchar na gclistí margaidh ar fheidhmiú na margaí mórdhíola bheadh praghsanna go mór os cionn na gcostais mheasta, go háirithe maidir le sonraí. Mar sin féin, tá aon dinimic iomaíochta a fhéadfar a thabhairt faoi deara i margaí fánaíochta mórdhíola an Aontais nasctha le muirir rialáilte fánaíochta mhórdhíola atá ann cheana. Is minic gurb iad na muirir sin a bhfuil uasteorainn orthu an t-aon rogha atá ar fáil d'oibreoirí a bhfuil cumhacht margála níos teoranta acu (oibreoirí níos lú nó oibreoirí líonraí móibíleacha fíorúla). Léirítear san athbhreithniú freisin nach bhfuil sé indéanta an tionchar a bheidh ag an oibleagáid FATB amach anseo, agus go háirithe an tionchar a bheidh ag an méadú ar thrácht fánaíochta a bhfuiltear ag súil leis, ar an iomaíocht sna margaí fánaíochta mórdhíola náisiúnta a thuar go cinnte. Mar sin féin, mar gheall go bhfuil tionchar ag clistí leanúnacha margaidh ar na margaí fánaíochta mórdhíola, ní fhágann údair na tuarascála athbhreithnithe amach an baol gur meath féin a thiocfadh ar chúrsaí do roinnt mhaith de na gníomhaithe margaidh faoi FATB, mura gcuirfí bearta frithchúitimh i bhfeidhm.

- **Comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí**

Reáchtáil an Coimisiún comhairliúchán poiblí faoin athbhreithniú ar na margaí fánaíochta mórdhíola náisiúnta ón 29 Samhain 2015 go dtí an 18 Feabhra 2016. Ba é cuspóir an chomhairliúcháin tuairimí a bhailiú ar cé chomh maith agus a fheidhmíonn margaí fánaíochta san Aontas Eorpach agus ar an rialachán reatha maidir le margaí fánaíochta mórdhíola náisiúnta san Aontas i bhfianaise na hoibleagáide dá bhforáiltear sa Rialachán Fánaíochta deireadh a chur le formhuirir fánaíochta miondíola faoin 15 Meitheamh 2017. Fuarthas 97 freagra ar an iomlán (92 ón gceistneoir ar líne, 3 le ríomhphost agus 2 pháipéar seasaimh) ó 25 Bhallstát agus ón Iorua.

Tá tuiscintí éagsúla ag oibreoirí ar cé chomh maith atá na margaí fánaíochta mórdhíola ag feidhmiú. Áitíonn roinnt sealbhóirí seanbhuanaithe agus oibreoirí móra, agus oibreoirí a bhfuil trácht mór fánaíochta isteach acu, go bhfuil dinimic iomaíochta éigean ann, agus gur léiriú air sin gur minic a bhíonn na muirir ar an margadh mórdhíola níos ísle ná na huasteorainneacha atá leagtha síos sa reachtaíocht atá ann faoi láthair. Áitíonn oibreoirí eile, go háirithe na cinn níos lú, chomh maith le hoibreoirí líonraí móibíleacha fíorúla agus

oibreoirí a bhfuil trácht mór fánaíochta amach acu, go bhfuil na praghsanna atá ar fáil dóibh ar an margadh mórdhíola ag an uasteorainn reatha, nó gar dó, agus go bhfuil na praghsanna sin cuid mhaith níos airde ná na costais. Tá malairt tuairimí ag an dá ghrúpa oibreoirí sin freisin maidir le tionchar FATB ar an iomaíocht sna margaí fánaíochta mórdhíola, an chéad dream ag áitiú go gcuirfidh leis an iomaíocht mar gheall ar FATB, agus an dara grúpa ag maíomh gurb é a mhalairt a tharlóidh.

Tá na tuairimí a léiríonn údaráis náisiúnta rialála agus rialtais tuairimí cosúil leis na cinn atá ag na hoibreoirí ina dtíortha féin. Measann tíortha ina bhfuil trácht mór fánaíochta isteach go bhfeidhmíonn margaí fánaíochta mórdhíola go maith, cé gur a mhalairt ar fad a mheasann tíortha ina bhfuil trácht mór fánaíochta amach. Ar deireadh, tá tomhaltóirí agus comhlachais tomhaltóirí faichilleach tuairimí a léiriú maidir le margaí fánaíochta mórdhíola toisc nach bhfuil baint dhíreach acu leis na margaí sin.

Tá formhór mór na ndaoine a thug freagra den tuairim gurb é uasteorainneacha ar mhuirir fánaíochta mórdhíola uile-Aontais a bheadh bailí i ngach Ballstát an cur chuige rialála is iomchuí lenar féidir FATB a sholáthar in 2017. Mar sin féin, toisc go bhfuil léargas éagsúil ann maidir leis an gcaoi go bhfeidhmíonn an margadh fánaíochta mórdhíola, tá na hoibreoirí idir dhá chomhairle faoin leibhéal is iomchuí do na huasteorainneacha sin chun FATB inbhuanaithe a sholáthar. Tacaíonn roinnt acu leis na huasteorainneacha ar mhuirir fánaíochta mórdhíola atá ann cheana cé go bhfuil cuid eile ag iarraidh laghdú suntasach a fháil chun FATB inbhuanaithe a sholáthar. Ina theannta sin, luaigh a lán oibreoirí a thábhachtaí atá leibhéal na rátaí críochnaithe don trácht fánaíochta chun go mbeifear in ann FATB a sholáthar do ghuthghlaonna.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Chun an fhianaise riachtanach a bhailiú i gcomhair an tuarascáil athbhreithnithe, agus de bhreis ar an gcomhairliúchán poiblí, bhailigh an Coimisiún agus Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) sonraí cuimsitheacha ó oibreoirí i bhFómhar na bliana 2015[10]. D'iarr an Coimisiún freisin staidéar seachtrach a dhéanamh ionas gur féidir an costas maidir le seirbhísí fánaíochta mórdhíola a sholáthar a mheas[11] agus rinne sé anailís ar na sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla a fuarthas ar mhargaí fánaíochta mórdhíola agus miondíola[12].

- **Measúnú tionchair**

Cuireadh an measúnú tionchair SWD[13] a ghabhann leis seo faoi bhráid an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála, a thug tuairim dhearfach uathu an 15 Aibreán 2016.

[10] Rinneadh anailís ar na sonraí a bailíodh i gcomhar leis an Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC). Is seirbhís eolaíochta inmheánach an Choimisiúin atá sa JRC a fhostaíonn eolaithe chun taighde a dhéanamh, ar mhaithe le comhairle eolaíochta neamhspleách atá bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil agus chun tacú le beartais an Aontais. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ar shuíomh gréasáin JRC: https://ec.europa.eu/jrc/.

[11] SMART 2015/006 'Measúnú ar an gcostas a bhaineann le seirbhísí fánaíochta mórdhíola a sholáthar san Aontas Eorpach', TERA Consultants.

[12] Is é AS CONNECT a d'fhorbair na hanailíse i gcomhar le hIonad Inniúlachta an JRC maidir le Meastóireacht Mhicreacnamaíochta. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ar shuíomh gréasáin JRC: https://ec.europa.eu/jrc/

[13] Doiciméad Oibre Fhoireann an Choimisiúin, Measúnú Tionchair a ghabhann leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar rialacha maidir le margaí fánaíochta

Breathnaíodh ar cheithre rogha:

*Rogha 1 - Gníomhaíocht ar bith ar leibhéal an Aontais (an cás bunlíne).* Ní bheadh FATB infheidhme ón 15 Meitheamh 2017 agus leanfadh tomhaltóirí ar aghaidh ag íoc as formhuirir fánaíochta miondíola.

*Rogha 2 - uasteorainneacha maidir le muirir fánaíochta mhórdhíola ar fud an Aontais a shocrú ag an leibhéal reatha.* Faoin rogha seo dhéanfaí na huasteorainneacha reatha maidir le muirir fánaíochta mhórdhíola atá leagtha síos sa Rialachán Fánaíochta (EUR 0.05 in aghaidh an nóiméid den ghlao a dhéantar, EUR 0.02 in aghaidh teachtaireacht SMS agus EUR 0.05 in aghaidh an mheigibhirt) a dheimhniú i ngníomh reachtach lena bhféadfadh FATB a theacht i bhfeidhm ón 15 Meitheamh 2017 ar aghaidh.

*Rogha 3- uasteorainneacha maidir le muirir fánaíochta mhórdhíola ar fud an Aontais a shocrú ar leibhéal níos ísle ná má atá faoi láthair.* Faoin rogha seo, laghdófaí na huasteorainneacha reatha maidir le muirir fánaíochta mórdhíola go dtí EUR 0.04 in aghaidh an nóiméid den ghlao a dhéantar, EUR 0.01 in aghaidh teachtaireacht SMS agus EUR 0.0085 in aghaidh an mheigibhirt agus d'áiritheofaí freisin go tiocfaidh FATB i bhfeidhm.

*Rogha 4 - uasteorainneacha maidir le muirir fánaíochta mhórdhíola a shocrú do thíortha ar leith.* Chuirfeadh an rogha seo uasteorainneacha maidir le muirir fánaíochta mhórdhíola do thíortha ar leith i bhfeidhm atá cothrom le meastacháin costais i ngach Ballstát agus atá bunaithe ar shamhail choiteann chostais. D'éascófaí FATB a sholáthar ón 15 Meitheamh 2017 faoin rogha seo freisin.

De bhreis ar an rogha bunaithe ar uasteorainn i gcomhair roghanna 2 go dtí 4, rinne an Coimisiún anailís freisin ar bheart comhlántach a thabharfadh an deis do pháirtithe i gcomhaontú mórdhíola fánaíochta scéim praghsála dírialaithe a chaibidliú, agus cur i bhfeidhm na huasteorainneacha maidir le muirir fánaíochta mhórdhíola atá bunaithe ar aonad dá bhforáiltear sa Rialachán Fánaíochta a tharscaoileadh dá bharr.

Ar bhonn na hanailíse a rinneadh sa mheasúnú tionchair, **is é rogha 3 an rogha is iomchuí chun FATB inbhuanaithe a áirithiú san Aontas,** agus oibreoirí a bhfuil cumhacht margála níos ísle acu san áireamh leis sin. Áirithítear go bhféadfaidh le hoibreoirí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu na costais a mheastar a bhainfidh le soláthar seirbhísí fánaíochta mórdhíola a aisghabháil agus coimeádfaidh sé dreasachtaí infheistíochta sna margaí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu. Fágann leibhéal na huasteorainneacha faoi rogha 3 spás freisin i gcomhair iomaíocht faoi bhun na huasteorainneacha, lena gceadaítear d'oibreoirí buntáistí eacnamaíocha a eascraíonn ó scála, rud a chuirfidh ar a gcumas taraifí níos ísle a chaibidliú.

Taispeánann an anailís freisin go mbeadh tionchar dearfach ar an margadh fánaíochta mórdhíola dá mbeadh cead ag oibreoirí ar a bhfuil cuairt á tabhairt orthu agus ar oibreoirí eile in ann teacht ar chomhaontú gan na huasteorainneacha fánaíochta a chur i bhfeidhm ach conradh neamhrialáilte a bheith acu, e.g. praghsáil bunaithe ar thoilleadh nó ar aon fhoirm chonarthach eile. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí seo a cheadú mar bheart comhlántach freisin.

Mar sin féin, ní chuirfeadh rogha 4 go mór le hinbhuanaitheacht FATB ar leibhéal an oibreora i gcomparáid le rogha 3, ach bheadh baol breise ag baint leis i dtaca le haisghabháil costais ar

mórdhíola agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 le haghaidh líonraí cumarsáide poiblí laistigh den Aontas.

an leibhéal mórdhíola agus bheadh deacrachtaí tromchúiseacha cur chun feidhme ag baint leis freisin.

Ar deireadh, ní chuirfeadh rogha 1, agus ar bhonn níos lú, rogha 2, an cuspóir maidir le FATB sholáthar ar fud an Aontais i gcrích. Sin toisc nach n-áiritheodh rogha 1 go gcuirfí deireadh formhuirir fánaíochta mhiondíola: go háirithe faoi rogha 1, EUR 1.4 billiún an méid a bheadh leas tomhaltóirí thíos leis. Ní fhéadfaí le rogha 2 aghaidh a thabhairt ar neamh-inbhuanaitheacht fhorleathan FATB le haghaigh roinnt oibreoirí (thart ar 20 % den sampla a cuireadh faoi anailís) agus thar roinnt Ballstát (níos mó ná 20 % de na Ballstáit).

- **Cearta bunúsacha**

Tá anailís déanta ar thionchar an togra ar chearta bunúsacha, amhail saoirse fiontraíochta. I ndáil leis sin, ag cur san áireamh gurb é aidhm na huasteorainneacha atá molta aghaidh a thabhairt ar chliseadh margaidh agus aisghabháil costais a áirithiú, ní beart díréireach iad i ndáil leis an gcuspóir atá a shaothrú ná cur isteach do-ghlactha ar shubstaint féin na saoirse sin. Tá sé i gceist go méadófaí saoirse na bpáirtithe chun comhaontú ar mhórdhíola a thabhairt i gcrích leis an deis ann gan páirt a ghlacadh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl impleachtaí buiséadacha don Aontas Eorpach ag baint leis an togra.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Beidh an FATB éigeantach ó Meitheamh 2017 ar aghaidh, faoi réir infheidhmeacht an ghnímh reachtaigh atá le glacadh i ndiaidh an togra reatha. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún nasc a dhéanamh idir na hoibleagáidí tuairiscithe agus teacht i bhfeidhm FATB chun gur féidir tréimhse cur i bhfeidhm ar aon dul leo sin ag aon rialacha nua miondíola agus mórdhíola.

Maidir le hábhar an chleachtadh faireacháin agus meastóireachta, ceanglaítear ar an gCoimisiún sa chlásal athbhreithnithe reatha in Airteagal 19(3) den Rialachán Fánaíochta measúnú a dhéanamh ar an *'an méid iomaíochta atá sa mhargadh fánaíochta miondíola agus sa mhargadh fánaíochta mórdhíola araon, go háirithe staid iomaíochta oibreoirí beaga, oibreoirí neamhspleácha nó oibreoirí atá díreach tar éis tosú, lena n-áirítear éifeachtaí comhaontuithe tráchtála ar an iomaíocht agus an méid idirnasctha idir oibreoirí'*.

Dá bhrí sin, tá sé seo ábhartha go díreach agus measúnú á dhéanamh ar thionchar na rialacha ar an bhfánaíocht mhórdhíola i comhthéacs an tionscnaimh seo. Laistigh den oibleagáid tuairiscithe reatha sin, molann an Coimisiún na táscairí seo a leanas a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar na bearta a bhaineann go sonrach leis an tionscnamh seo:

- líon na n-iarratas inbhuanaithe;
- méid iomlán an trácht fánaíochta isteach agus amach gach ráithe;
- meánphraghsanna mórdhíola agus meánmhéideanna an trácht neamhchothromaithe agus cothromaithe;

- líon na gconarthaí mórdhíola bunaithe ar inniúlacht agus na príomhghnéithe a bhaineann leo; agus
- na bearta conarthacha mórdhíola arna nglacadh chun dul i ngleic le gníomhaíochtaí gnó mórscála bunaithe ar bhuanfhánaíocht nó ar leas a bhaint as an rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola, ar úsáid aimhrialta nó mí-úsáid í, agus iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

• **Míniú mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá dhá airteagal sa Rialachán atá beartaithe; tá na leasuithe atá beartaithe ar an Rialachán Fánaíochta i gceann amháin agus ceann eile maidir le teacht i bhfeidhm an Rialacháin.

Tá sé beartaithe in Airteagal 1 na leasuithe seo a leanas a dhéanamh ar an Rialachán Fánaíochta:

- Déanann pointe 1 modhnú ar Airteagal 3 den Rialachán Fánaíochta tríd an deis a áireamh go bhféadfadh páirtithe i gcomhaontú mórdhíola cur i bhfeidhm na huasteorainneacha mórdhíola dá bhforáiltear in Airteagail 7, 9 agus 12 den Rialachán Fánaíochta a tharscaoileadh.
- Tugann pointí 2 go dtí 4 leasuithe ar fhorálacha reatha isteach chun socrú a dhéanamh ar mheánmhuirir fánaíochta mórdhíola le haghaidh glaonna, SMS agus sonraí, agus chun luachanna infheidhmithe a mhodhnú. Áirithítear sna leasuithe comhsheasmhacht na dtrí Airteagal leasaithe chomh maith (Airteagail 7, 9 agus 12).
- Tugann pointe 5 leasú ar Airteagal 17 isteach, chun a áirithiú go rachfar i gcomhairle le BEREC i ndíospóidí a bhaineann leis na hionchur atá riachtanach chun seirbhísí fánaíochta mórdhíola rialáilte a sholáthar.
- Tugann pointe 6 agus pointe 7 leasuithe ar an gclásal athbhreithnithe isteach chun comhsheasmhacht a áirithiú i ndiaidh teacht i bhfeidhm FATB agus chun cumhachtaí BEREC maidir le bhailiú sonraí a shoiléiriú i bhfianaise an athbhreithnithe.

2016/0185 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 i dtaobh na rialacha maidir le margaí fánaíochta mórdhíola**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] tugtar isteach cur chuige comhchoiteann maidir le rialú ar fhánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide laistigh den Aontas.

(2) Sa Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach a leag an Coimisiún amach an 6 Bealtaine 2015[4] measadh gurb é an pacáiste maidir leis an Margadh Teileachumarsáide Aonair, arna ghlacadh le Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], an chéad chéim i dtreo fáil réidh le formhuirir

1 IO C , , lch. .

2 IO C , , lch. .

3 Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2012 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas, IO L 172, 30.6.2012, lch. 10.

4 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach don Eoraip, COM(2015) 192.

5 Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 lena leagtar síos bearta maidir le rochtain oscailte ar an idirlíon agus lena leasaítear Treoir 2002/22/CE maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí a bhaineann le líonraí agus seirbhísí cumarsáide

fánaíochta mhiondíola, agus tacú ar an gcaoi sin le margadh aonair digiteach a chur ar bun san Aontas.

(3) Le Rialachán (AE) 2015/2120 bunaíodh sásra nua maidir le praghsanna miondíola do sheirbhísí fánaíochta rialáilte ar fud an Aontais chun deireadh a chur le formhuirir fánaíochta mhiondíola gan margaí baile agus margaí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu a shaobhadh.

(4) Tá sé riachtanach deireadh a chur le formhuirir fánaíochta mhiondíola mar a tugadh isteach le Rialachán (AE) Uimh. 2015/2120, ar a dtugtar 'fánaíocht ar tháillí baile' (FATB) baile, chun feidhmiú margaidh aonair dhigitigh a bhunú agus a éascú ar fud an Aontais. Ní leor an Rialachán sin amháin, áfach, chun feidhmiú ceart an mhargaidh fánaíochta a áirithiú.

(5) Dá bhrí sin, tá an deireadh a chuirfear ar fhormhuirir fánaíochta an 15 Meitheamh 2017, mar a fhoráiltear i Rialachán (AE) Uimh. 531/2012, faoi réir infheidhmeacht aon ghnímh reachtaigh arna mholadh ag an Coimisiún lena ndéantar foráil maidir le bearta iomchuí i ndiaidh dó athbhreithniú a dhéanamh ar na margaí fánaíochta mórdhíola.

(6) Rinne an Coimisiún athbhreithniú cuimsitheach ar na margaí fánaíochta mórdhíola chun measúnú a dhéanamh ar cé na bearta atá riachtanach chun a áirithiú go gcuirfear deireadh le formhuirir fánaíochta mhiondíola faoin 15 Meitheamh 2017.

(7) I bhfianaise thorthaí an athbhreithnithe, ghlac an Coimisiún a thuarascáil maidir leis an athbhreithniú ar an margadh fánaíochta mórdhíola[6]. Chuige sin, le go n-áirithítear gur féidir seirbhísí fánaíochta miondíola a chur ar fáil ar phraghsanna miondíola baile, ní mór teacht a bheith ar ionchuir mhórdhíola fánaíochta ar leibhéal a thugann an deis d'oibreoirí baile FATB a sholáthar. Cé go mbeadh FATB níos inbhuanaithe dá mbeadh margaí fánaíochta mórdhíola náisiúnta go hiomlán iomaíoch ann ina mbeadh praghsanna i gcomhréir le costais bhunúsacha sholáthair na líonraí a bhfuil cuairt á dtabhairt orthu, taispeántar san athbhreithniú nach mar sin atá. Léiríodh san athbhreithniú freisin nach dócha in aon chor go gcuirfidh oibleagáid miondíola FATB amach anseo, leis féin, margaí fánaíochta mórdhíola dea-fheidhmithe chun cinn lena bhféadfaí FATB san Aontas a sholáthar faoin 15 Meitheamh 2017.

(8) Go deimhin, d'fhéadfadh an chaoi a bhfeidhmíonn na margaí fánaíochta mórdhíola faoi láthair tionchar a imirt ar iomaíocht agus ar infheistíochtaí i margaí baile na n-oibreoirí baile mar gheall ar mhuirir fánaíochta mhórdhíola bheith iomarcach i gcomparáid le praghsanna miondíola baile a ghearrtar ar úsáideoirí deiridh Baineann sé sin go háirithe le hoibreoirí beaga nó le hoibreoirí a bhfuil glanthrácht amach acu, agus dá bharr sin ní inbhuanaithe atá FATB ó thaobh struchtúir de.

(9) Ba cheart go ligfeadh feidhmiú an mhargaidh fánaíochta mhórdhíola d'oibreoirí na costais uile a eascraíonn as seirbhísí fánaíochta mórdhíola rialáilte a sholáthar a aisghabháil, lena n-áirítear costais chomhpháirteacha agus costais chomhchoiteanna.

---

leictreonaí agus Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas, IO L 310, 26.11.2015, lch 1.

[6] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an athbhreithniú ar an margadh fánaíochta mórdhíola [tagairt deiridh]

Ba cheart go gcaomhnóidh sé seo dreasachtaí chun infheistíocht a dhéanamh sna líonraí ar a bhfuil cuairt á tabhairt orthu agus go seachnófaí aon saobhadh ar iomaíocht sna margaí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu, ar saobhadh é a tharlaíonn mar gheall ar arbatráiste rialála a théann chun tairbhe oibreoirí a bhaineann úsáid as réitigh chun rochtain fánaíochta a fháil le dul san iomaíocht i margaí baile a bhfuil cuairt á tabhairt orthu, margaí atá iomaíoch murach sin.

(10) I bhfianaise na bhfadhbanna a sainaithníodh, ba cheart leasú a dhéanamh ar na bearta reatha is infheidhme maidir le margaí fánaíochta mórdhíola chun a áirithiú go bhfuil leibhéal muirear fánaíochta mórdhíola a fhágann gur féidir FATB inbhuanaithe a sholáthar san Aontas.

(11) Le go bhféadfar margadh níos éifeachtúla, níos lánpháirtithe agus níos iomaíche a chur chun cinn i gcomhair seirbhísí fánaíochta nuair a bhíonn rochtain mhórdhíola á caibidliú chun seirbhísí fánaíochta miondíola a sholáthar, ba cheart an rogha a thabhairt d'oibreoirí scéimeanna praghsála mórdhíola a chaibidliú nach bhfuil baint dhíreach acu le méideanna iarbhír a ídítear, amhail bunrátaí íocaíochta, gealltanais tosaigh nó conarthaí bunaithe ar thoilleadh, nó scéimeanna praghsála a chuireann athruithe ar éileamh ag tráthanna éagsúla den bhliain san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart rogha a bheith ag na comhpháirtithe caibidlíochta aontú gan muirir uasta fánaíochta mhórdhíola rialáilte a chur i bhfeidhm le linn thréimhse na gcomhaontuithe fánaíochta mórdhíola nó le linn aon tréimhse réamhshainithe eile. Fágann sé sin nach bhféadfadh ceachtar comhpháirtí a iarraidh ina dhiaidh sin go gcuirfí i bhfeidhm na muirir uasta fánaíochta mhórdhíola atá bunaithe ar thomhaltas iarbhír a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 531/2012. Tá an rogha mhalartach seo gan dochar d'oibleagáidí maidir le seirbhísí fánaíochta miondíola rialáilte a sholáthar i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 531/2012.

(12) I dtaca leis na rialacha maidir le muirir mhórdhíola, ba cheart oibleagáidí rialála ar leibhéal an Aontais a choimeád mar atá ós rud é go bhféadfadh aon bheart lena ndéantar FATB a sholáthar ar fud an Aontais gan aghaidh a thabhairt ar leibhéal na gcostas mórdhíola a bhaineann leis na seirbhísí sin a sholáthar, d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh sé isteach ar an margadh inmheánach i gcomhair seirbhísí fánaíochta agus nach spreagfadh sé breis iomaíochta.

(13) Ba cheart do na muirir uasta mhórdhíola feidhmiú mar leibhéal coimirce agus a áirithiú go bhféadfaidh leis na hoibreoirí a gcostais a aisghabháil, lena n-airítear costais chomhpháirteacha agus costais chomhchoiteanna. Ina theannta sin, ba cheart go bhfágfadh sin gur féidir FATB inbhuanaithe a sholáthar go forleathan, agus ag an am céanna corrlach a fhágáil i gcomhair caibidlíochtaí tráchtála idir oibreoirí.

(14) Rinneadh measúnú ar na costais mheasta chun seirbhísí fánaíochta mórdhíola a sholáthar, lena n-áirítear costais chomhpháirteacha agus costais chomhchoiteanna, bunaithe ar fhoinsí éagsúla. Samhail chostais ghinearálta le haghaidh seirbhísí fánaíochta mórdhíola ar a bhfuil sonraí náisiúnta agus í bunaithe ar an modh a bhíonn in úsáid ag údaráis rialála náisiúnta chun cinneadh a dhéanamh maidir le huasteorainneacha ar rátaí críochnaithe soghluaiste ab ea ceann de na foinsí. Meastachán malartach ar chostais a bhí sa dara foinse agus é bunaithe ar chur chuige comhleanúnach ar fud an Aontais maidir le rialáil a dhéanamh ar rátaí críochnaithe soghluaiste náisiúnta. Sa mheasúnú cuireadh san áireamh freisin muirir reatha

fánaíochta mhórdhíola le haghaidh trácht neamhchothromaithe san Aontas agus fianaise i dtaobh muirir reatha rochtana mhórdhíola sna margaí baile.

(15) Agus na meastacháin ar chostais á meas, cuireadh san áireamh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag séasúracht an tráchta fánaíochta ar na costais fhoriomlána a bhaineann le seirbhísí fánaíochta mórdhíola a sholáthar ar an leibhéal náisiúnta. Tá na hiarmhairtí frithchothromaíochta a d'fhéadfadh méadú féideartha ar na costais de bharr séasúracht an tráchta fánaíochta a mhaolú san áireamh sna meastacháin sin. Go háirithe i dtaca le seirbhísí sonraí, fágann an méadú ar an éileamh intíre gur dócha go mbeidh buaicphointe séasúrach tráchta in aon bhliain ar leith níos lú ná an t-éileamh intíre iomlán sa bhliain nó sna blianta ina dhiaidh sin. Dá réir sin, toisc go bhfuil méid na líonraí cumarsáide soghluaiste trastíre socraithe chun dul i ngleic leis an treocht ghinearálta seo i dtreo méadaithe a thagann ón éileamh intíre, ní dócha go dtiocfaidh costais i dtaca le méid an líonra mhóibíligh as aon bhuaicphointe ar éileamh iomlán an líonra a thagann as sreafaí fánaíochta séasúracha. I gcás guthghlaonna, áit a mbíonn an t-éileamh níos cobhsaí, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag buaicphointí fánaíochta séasúracha ar chostais i dtaca le méid iomlán an líonra i dtíortha áitrithe. Mar sin féin, is dócha go mbeidh buaicphointí séasúracha áitiúla mar seo ann freisin mar thoradh ar úsáideoirí baile agus iad ag bogadh isteach i gceantair turasóireachta agus is dócha go maolófar iad beagán i ngeall ar an tionchar a bheidh ag custaiméirí fánaíochta ar thoilleadh na húsáide i limistéir uirbeacha le linn shéasúr saoire an tsamhraidh.

(16) Agus an muirear uasta mórdhíola á leagan síos i gcomhair seirbhísí fánaíochta rialáilte sonraí, cuireadh san áireamh na comhpháirteanna rochtana ar fad ar gá lena bhféadfaí seirbhísí fánaíochta a sholáthar, lena n-áirítear na costais idirthurais a bhaineann le trácht sonraí a chur ar fáil ag pointe idirthurais a shainaithin an t-oibreoir líonraí baile.

(17) Ba cheart go gcuirfí san áireamh an punann seirbhísí a sholáthraíonn gach soláthraí seirbhísí fánaíochta mórdhíola, agus an méid tráchta lena bhfuiltear ag súil, nuair atá ról coimirce na muirear fánaíochta mórdhíola á meas ó thaobh an dá chuspóir seo a bhaint amach: a áirithiú go bhféadfaidh le soláthraithe mórdhíola a gcostais ábhartha ar fad a aisghabháil agus go leanfaidh neamh-inbhuanaitheacht FATB de bheith eisceachtúil.

(18) Ar an ábhar sin, ba cheart na muirir uasta fánaíochta mhórdhíola atá ann faoi láthair ar ghuthghlaonna, ar SMS agus ar sheirbhísí sonraí a laghdú.

(19) Agus rúndacht rúin ghnó agus tráchtála a áirithiú agus chun faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 agus ar fhorbairtí sna margaí fánaíochta mórdhíola, ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta a bheidh i dteideal faisnéis a éileamh maidir leis na comhaontuithe fánaíochta mórdhíola nach gcuireann muirir uasta fánaíochta mhórdhíola chun feidhme. Lena chois sin, ba cheart cead a bheith acu freisin faisnéis a éileamh maidir le glacadh agus cur i bhfeidhm coinníollacha sna comhaontuithe mórdhíola a bhfuil sé d'aidhm leo cosc a chur le buanfhánaíocht agus maidir le haon úsáid aimhrialta nó aon mhí-úsáid a bhaint as an rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola chun críocha eile seachas chun seirbhísí fánaíochta rialáilte a sholáthar do chustaiméirí na soláthraithe seirbhísí fánaíochta fad atá na custaiméirí sin ag taisteal laistigh den Aontas.

(20) Fágann an rialáil shonrach ar phraghsanna is infheidhme maidir le fánaíocht go bhfuil feidhm ag uasteorainn fhoriomlán Aontais i dtaca le táirge ilchodach lena bhféadfaí

ionchuir rochtana mhórdhíola eile agus ionchuir idirnaisc mhórdhíola eile a áireamh freisin, lena n-áirítear go háirithe táirgí atá faoi réir rialáil náisiúnta nó a d'fhéadfadh a bheith faoi réir rialáil trasteorann. Maidir leis seo, beartaítear go dtiocfaidh laghdú ar na difríochtaí i rialáil na n-ionchur sin ar fud an Aontais, go háirithe a bhuí leis na bearta breise atá le glacadh i gcomhréir le Treoir 2002/21/CE (an Chreat-Treoir)[7] arb é is aidhm dóibh cineálacha cur chuige rialála níos chomhsheasmhaí a áirithiú Idir an dá linn, agus díospóid á réiteach idir oibreoirí líonraí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu agus oibreoirí eile i dtaca leis na rátaí atá le cur i bhfeidhm ar ionchuir rialáilte is gá chun seirbhísí fánaíochta mórdhíola a sholáthar, ní mór an tuairim a eiseoidh BEREC a chur san áireamh, i gcomhréir leis na hoibleagáidí sonracha is infheidhme maidir le fánaíocht agus i gcomhréir le Treoir 2002/21/CE (an Chreat-Treoir), Treoir 2002/20/CE (Treoir an Údaraithe)[8], Treoir 2002/19/CE (Treoir na Rochtana)[9] agus Treoir 2002/22/CE (an Treoir maidir le Seirbhís Uilíoch)[10] chomh maith.

(21) Is gá faireachán agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fheidhmiú na margaí fánaíochta mórdhíola agus ar a n-idirghaol leis an margadh fánaíochta miondíola, ag cur san áireamh forbairtí iomaíocha agus teicneolaíocha mar aon le sreafaí tráchta. Chun measúnú ceart a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanfar na margaí fánaíochta a chur in oiriúint do na rialacha FATB, ba cheart sonraí leordhóthanacha a bhailiú faoi fheidhmiú na margaí seo i ndiaidh chur chun feidhme na rialacha.

(22) Chun measúnú a dhéanamh ar na forbairtí iomaíocha i margaí fánaíochta ar fud an Aontais agus chun tuairisciú go rialta ar athruithe ar mhuirir fánaíochta mhórdhíola iarbhír i dtaca le trácht neamhchothromaithe idir soláthraithe seirbhísí fánaíochta, ba cheart go gcuirfí de chúram ar BEREC sonraí a bhailiú ó na húdaráis rialála náisiúnta maidir leis na muirir iarbhír a chuirtear i bhfeidhm i gcás trácht fánaíochta cothromaithe agus neamhchothromaithe faoi seach. Ba cheart dó sonraí a bhailiú freisin i dtaobh inar roghnaigh comhpháirtithe gan muirir uasta fánaíochta mhórdhíola a chur i bhfeidhm nó inar cuireadh bearta chun feidhme ar an leibhéal mórdhíola arb é is aidhm dóibh cosc a chur ar bhuanfhánaíocht nó ar leas a bhaint as an rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola, ar úsáid aimhrialta nó mí-úsáid í, chun críocha eile seachas chun seirbhísí fánaíochta rialáilte a sholáthar do chustaiméirí na soláthraithe seirbhísí fánaíochta fad atá na custaiméirí sin ag taisteal laistigh den Aontas ar bhonn tréimhsiúil.

(23) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 a leasú dá réir.

(24) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach toisc nach n-áirithíonn bearta náisiúnta go bhfuil na rialacha maidir le margaí náisiúnta mórdhíola comhsheasmhach le rialacha an Aontais i dtaca le seirbhísí

---

7 Treoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le creat rialúcháin coiteann do líonraí agus do sheirbhísí cumarsáide leictreonaí (an Chreat-Treoir), IO L 108, 24.4.2002, lch. 33.

8 Treoir 2002/20/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le húdarú líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (Treoir an Údaraithe), IO L 108, 24.4.2002, lch. 21.

9 Treoir 2002/19/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le rochtain ar líonraí cumarsáide leictreonaí agus ar shaoráidí gaolmhara, agus maidir le hidirnasc a bheith eatarthu (Treoir na Rochtana), IO L 108, 24.4.2002, lch. 7.

10 Treoir 2002/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí i dtaca le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le Seirbhís Uilíoch), IO L 108, 24.4.2002, lch. 51.

fánaíochta miondíola. Ina áit sin, fágann an tionchar trasteorann atá ag na margaí fánaíochta mórdhíola náisiúnta ar sholáthar seirbhísí fánaíochta miondíola laistigh den Aontas gur fearr is féidir na cuspóirí a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóirí a bhaint amach.

(25) Urramaíonn an Rialachán seo cearta bunúsacha agus comhlíonann sé na prionsabail a aithnítear go sainráite le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 531/2012

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 531/2012 mar a leanas:

(1) In Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Beidh feidhm ag na rialacha maidir le muirir ar fhánaíocht mhórdhíola rialáilte, ar rialacha iad a leagtar síos in Airteagal 7, in Airteagal 9 agus in Airteagal 12, i leith rochtain a sholáthar ar chomhpháirteanna uile na fánaíochta mórdhíola dá dtagraítear i mír 3, ach amháin má aontaíonn an dá pháirtí sa chomhaontú fánaíochta mórdhíola go sainráite nach mbeidh aon mheánmhuirear fánaíochta mórdhíola a tharlaíonn mar thoradh ar chur i bhfeidhm an comhaontaithe faoi réir an muirir uasta fánaíochta mhórdhíola rialáilte go ceann tréimhse áirithe ama.’

(2) In Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 agus mhír 2:

‘1. Ní rachaidh an meánmhuirear mórdhíola a fhéadfaidh oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air a thobhach ar sholáthraí seirbhísí fánaíochta an chustaiméara thar theorainn choimirce EUR 0,04 in aghaidh an nóiméid amhail ón 15 Meitheamh 2017, costais tosaithe, idirthurais agus críochnaithe *inter alia* san áireamh, chun glao fánaíochta rialáilte a thosaíonn ar an líonra sin a bhfuil cuairt á tabhairt air a sholáthar agus, gan dochar d’Airteagal 19, leanfaidh sé de bheith cothrom le EUR 0,04 go dtí an 30 Meitheamh 2022.

2. Beidh feidhm ag an meánmhuirear mórdhíola dá dtagraítear i mír 1 idir aon dá oibreoir agus déanfar é a ríomh thar thréimhse 12 mhí nó thar aon tréimhse den sórt is giorra ná sin a d'fhéadfadh a bheith fágtha roimh dheireadh na tréimhse ina bhfuil feidhm ag meánmhuirear mórdhíola uasta dá bhforáiltear i mír 1 nó roimh an 30 Meitheamh 2022. ’

(3) In Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Le héifeacht ón 15 Meitheamh 2017, ní bheidh an meánmhuirear mórdhíola a fhéadfaidh oibreoir líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air a thobhach chun teachtaireacht SMS fánaíochta rialáilte a thosaíonn ar an líonra sin a bhfuil

cuairt á tabhairt air a sholáthar níos mó ná teorainn choimirce EUR 0,01 in aghaidh na teachtaireachta SMS agus, gan dochar d'Airteagal 19, leanfaidh sé de bheith cothrom le EUR 0,01 go dtí an 30 Meitheamh 2022.'

(4) In Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Le héifeacht ón 15 Meitheamh 2017, maidir leis an meánmhuirear mórdhíola a fhéadfaidh oibreoir an líonra a bhfuil cuairt á tabhairt air a thobhach ar an soláthraí seirbhísí fánaíochta chun seirbhísí fánaíochta rialáilte sonraí a sholáthar ar an líonra sin a bhfuil cuairt á tabhairt air, ní rachaidh sé thar theorainn choimirce EUR 0,0085 in aghaidh an mheigibhirt sonraí a tharchuirtear agus, gan dochar d'Airteagal 19, leanfaidh sé de bheith cothrom le EUR 0,0085 in aghaidh an mheigibhirt sonraí a tharchuirtear go dtí an 30 Meitheamh 2022.'

(5) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 17(1):

'Is féidir díospóidí idir oibreoirí na líonraí a bhfuil cuairt á tabhairt orthu agus oibreoirí eile faoi rátaí a cuireadh i bhfeidhm ar ionchur is gá chun seirbhísí fánaíochta mórdhíola rialáilte a sholáthar a chur faoi bhráid an údaráis rialála náisiúnta inniúil nó na n-údarás rialála náisiúnta inniúil de bhun Airteagal 20 nó Airteagal 21 den Chreat-Treoir. I gcás den sórt sin, rachaidh an t-údarás inniúil rialála náisiúnta nó na húdaráis inniúla rialála náisiúnta i gcomhairle le BEREC maidir leis an mbeart atá le déanamh i gcomhréir leis na forálacha den Chreat-Treoir, de na Treoracha Ar Leith nó den Rialachán seo chun an díospóid a réiteach, agus fanfaidh siad ar thuairim BEREC sula ndéanfaidh siad aon ghníomh chun an díospóid a réiteach '

(6) Leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte de mhír 3:

'De bhreis air sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach re bliain i ndiaidh an 15 Meitheamh 2017.' .

(b) i mír 4, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'D'fhonn measúnú a dhéanamh ar fhorbairtí iomaíocha sna margaí fánaíochta uile-Aontais, déanfaidh BEREC sonraí a bhailiú ó údaráis rialála náisiúnta ar bhonn tráthrialta faoi na forbairtí atá ann maidir le muirir mhiondíola agus mhórdhíola ar sheirbhísí fánaíochta rialáilte guthghlaonna, SMS agus sonraí, lena n-áirítear muirir mhórdhíola a chuirtear i bhfeidhm i gcás trácht fánaíochta cothromaithe agus neamhchothromaithe faoi seach. Baileoidh sé freisin sonraí maidir le comhaontuithe mórdhíola nach bhfuil faoi réir na muirear fánaíochta mórdhíola dá bhforáiltear in Airteagal 7, Airteagal 9 nó Airteagal 12 agus maidir le cur chun feidhme na mbeart conarthach ar an leibhéal mórdhíola atá dírithe ar chosc a chur ar bhuanfhánaíocht nó ar leas a bhaint as an rochtain ar fhánaíocht mhórdhíola, ar úsáid aimhrialta nó mí-úsáid í, chun críocha eile seachas chun seirbhísí fánaíochta rialáilte a sholáthar do chustaiméirí na soláthraithe seirbhísí fánaíochta fad atá na custaiméirí sin ag taisteal laistigh den Aontas ar bhonn tréimhsiúil.'

*Airteagal 2*

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |